# An Coimisiún um Rialáil Iarnróid

## Ráitis Airgeadais

**don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021**

**An Coimisiún um Rialáil Iarnróid**

**Clár** **Leathanach**


| | |
|---|---|
| Eolas Ginearálta | 2 |
| Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 3-4 |
| Ráiteas an Choimisinéara | 5 |
| Ráiteas maidir le Rialachas | 6-9 |
| Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach | 10-12 |
| Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | 13 |
| Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | 14 |
| Ráiteas ar Staid Airgeadais | 15 |
| Ráiteas ar Shreabhadh Airgid | 16 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 17-32 |

**An Coimisiún um Rialáil Iarnróid**

**Eolas Ginearálta**

| | |
|---|---|
| **Seoladh** | Teach an Teampaill<br>Bóthar an Teampaill<br>An Charraig Dhubh<br>Co. Bhaile Átha Cliath<br>A94 Y5W5 |
| **Baincéirí** | Banc na hÉireann<br>An Charraig Dhubh<br>Co. Bhaile Átha Cliath |
| **Iniúchóirí** | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>3A Sráid an Mhéara Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 1 |
| **Aturnaetha** | Holmes O'Malley Sexton Solicitors<br>Bishopsgate<br>Sráid Anraí<br>Luimneach |

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

# Comptroller and Auditor General

## Tuairisc le cur i láthair Thithe an Oireachtais

## An Coimisiún um Rialáil Iarnróid

### Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Choimisiúin um Rialáil Iarnróid don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021 mar a éilítear faoi fhorálacha Alt 28 den Acht um Shábháilteachta Iarnróid 2005. Is éard atá sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim coinnithe
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas ar staid airgeadais
- an ráiteas ar shreafaí airgid agus
- na nótaí a ghabhann leo, lena n-áirítear achoimre ar pholasaithe cuntasaíochta suntasacha.

I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais radharc cruinn agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Choimisiúin um Rialáil Iarnróid mar a bhí ar 31 Nollaig 2021 agus ar a hioncam agus caiteachas do 2021 i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 — *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais infheidhme in RA agus Poblacht na hÉireann*.

### Bunús leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (ISAnna) mar atá curtha chun cinn ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tugtar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuairisc seo. Táim neamhspleách ar an gCoimisiún um Rialáil Iarnróid agus tá mo fhreagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá faighte agam imleor agus iomchuí chun bonn a sholáthar do mo thuairim.

### Tuairisc ar fhaisnéis eile seachas na ráitis airgeadais, agus ar nithe eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag an gCoimisiún um Rialáil Iarnróid chomh maith leis na ráitis airgeadais. Áirítear anseo ráiteas an Chomisinéara, an ráiteas rialachais agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. San aguisín leis an tuairisc seo tugtar cur síos ar mo fhreagrachtaí i dtaca leis an bhfaisnéis sin, agus i dtaca le nithe áirithe eile a dtugaim cur síos orthu ar bhonn eisceachta.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Mary Henry**
**Ar son agus thar ceann an**
**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**12 Nollaig 2022**

## Freagrachtaí an Choimisiúin

Mar a thugtar cur síos air sa ráiteas rialachais, tá an Coimisiún freagrach as

ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm a ordaítear faoi Alt 28 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005

a chinntiú go dtugtar leis na ráitis airgeadais léargas cóir agus cothrom i gcomhréir le FRS102

rialtacht na n-idirbheart a chinntiú

measúnú cé acu an bhfuil sé cuí bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta a úsáid, agus

cibé rialú inmheánach a chinneann sé atá riachtanach chun ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht is cúis leis sin.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Éilítear orm faoi Alt 28 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Coimisiúin um Rialáil Iarnróid agus tuairisc a thabhairt do Thithe an Oireachtais ina leith.

Is é an aidhm atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnta a fháil faoi cé an bhfuil na ráitis airgeadais mar iomlán saor ó mhíráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois nó neamhrialtacht. Leibhéal ard dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní baránta é go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna míráiteas ábhartha i gcónaí más ann dó. Féadfaidh míráitis a bheith ann mar thoradh ar chalaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, iontu féin nó go carnach, go bhféadfaí a mheas go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí a rinneadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, cuirimse breithiúnas gairmiúil i bhfeidhm agus coinním sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

Aithním agus déanaimse measúnú ar rioscaí míráitis ábhartha faoi na ráitis airgeadais cibé acu calaois nó neamhrialtacht is cúis leis; déanaimse nósanna imeachta iniúchta a dhearadh agus a chur i gcrích a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighimse fianaise iniúchta atá imleor agus iomchuí chun bunús a sholáthar do mo thuairim. Tá riosca níos mó ann nach mbraithfear míráiteas ábhartha ag eascairt as calaois ná ceann ag eascairt as earráid, toisc go bhféadfaidh claonpháirtíocht, brionnú, easnaimh inteannacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach a bheith ann le calaois.

Faighimse tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá iomchuí do na cúinsí, ach ní chun críche tuairim a nochtadh maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.

Déanaimse meastóireacht ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtuithe gaolmhara.

Déanaimse amach cé acu an bhfuil sé oiriúnach bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta a úsáid agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fhaightear, cé acu an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann i dtaca le heachtraí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chur ar chumas an Choimisiúin um Rialáil Iarnróid leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má mheasaim go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, tá orm aird a tharraingt i mo thuairisc ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, más rud é nach leor na nochtuithe sin, mo thuairim a leasú. Tá mo thuairimí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas chomh fada le dáta mo thuairisce. D'fhéadfadh ócáidí nó coinníollacha sa todhchaí cur ar an gCoimisiún um Rialáil Iarnróid stopadh mar ghnóthas leantach, áfach.

Déanaimse meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais ar an iomlán, lena n-áirítear na nochtuithe, agus cé acu an léiríonn na ráitis airgeadais na bun-idirbhearta agus na bun-eachtraí ar bhealach a bhaineann cur i láthair amach atá cóir.

Cuirimse in iúl dóibh siúd atá freagrach as rialachas, i measc nithe eile, an scóip agus an t-amú atá beartaithe don iniúchadh agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith sa rialú inmheánach a aithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím ar bhonn eisceachta freisin más rud é, i mo thuairimse,

nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó

nár leor na taifid chuntasaíochta chun na ráitis airgeadais a iniúchadh go réidh agus mar ba cheart, nó

nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### *Faisnéis seachas na ráitis airgeadais*

Ní chlúdaíonn mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní léirím aon chineál de thuairim dearbhaithe ina leith sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, é sin á dhéanamh agam, a mheas cé acu an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó más cosúil ar bhealach eile go bhfuil sé míráite go hábhartha. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go ndéanaimse amach go bhfuil míráiteas ábhartha ar an fhaisnéis eile seo, tá orm an fhíric seo a thuairisciú.

### *Tuairisciú ar ábhair eile*

Déantar m'iniúchadh le tagairt do na tosca speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistiú agus oibriú. Tuairiscím má tá aon nithe ábhartha a bhaineann leis an gcaoi ina bhfuil gnó poiblí déanta.

Féachaim le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn iniúchta. Tuairiscím má tá aon chás ábhartha ann nár feidhmíodh airgead poiblí chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nár lean na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

**An Coimisiún um Rialáil Iarnróid**

**Ráiteas an Choimisinéara**

Le hAlt 4 den Acht um Iompar Poiblí 2016 (Uimh. 3 de 2016) bhí foráil ann le hainm an Choimisiúin um Shábháilteacht Iarnróid a athrú go dtí an Coimisiún um Rialáil Iarnróid. I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a tugadh dó faoi Alt 4 den Acht, d'ordaigh an tAire Iompair go n-athrófaí an t-ainm le feidhm ón 29 Feabhra 2016.

Bhunaigh an tAire Iompair an Coimisiún um Rialáil Iarnróid an 1 Eanáir 2006 faoin Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 (Alt 7).

In Alt 14(1) deirtear go mbeidh sa Choimisiún ar a laghad ball amháin ach gan níos mó ná triúr ball. In 2021, bhí ball amháin sa Choimisiún, Brian Higgisson.

Tá tuairisc ar leith tugtha ag an gCoimisiún maidir le nochtadh leasanna de réir riachtanais an Achta um Eitic san Oifig Phoiblí 1995 agus tá sé comhlíontach le hAlt 20 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005. Dearbhaím freisin go bhfuil an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2009 agus an cód Leasaithe (2016) á chomhlíonadh ag an gCoimisiún.

**Brian Higgisson**
**An Coimisiún um Rialáil Iarnróid Coimisinéir**
**Dáta** 8 Nollaig 2022

**An Coimisiún um Rialáil Iarnróid**

# Ráiteas maidir le Rialachas

## Rialachas

Bunaíodh an Coimisiún um Rialáil Iarnróid faoin Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005.

Leagtar feidhmeanna an Choimisiúin amach in alt 10 den Acht sin agus tá raon d'fheidhmeanna breise aige atá dílsithe le hIonstraimí Reachtúla éagsúla a bhaineann le Treoracha ón AE agus Rialacháin ón AE. Áirítear leo sin na nithe seo a leanas:

- I.R. Uimh. 246 de 2021
- I.R. Uimh. 476 de 2020
- I.R. Uimh. 477 de 2020
- I.R. Uimh. 543 de 2020
- I.R. Uimh. 444 de 2013
- Rialachán AE 445/2011 ón gCoimisiún Eorpach
- I.R. Uimh. 249 de 2015
- I.R. Uimh. 651 de 2010
- I.R. Uimh. 766 de 2007
- I.R. Uimh. 399 de 2010

Tá an Coimisiún um Rialáil Iarnróid cuntasach don Aire Iompair agus tá sé freagrach as rialachas maith a chinntiú agus cuireann sé an tasc sin i bhfeidhm trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shocrú agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh mar le gach príomhábhar gnó. Tá an Coimisinéir agus an fhoireann ardbhainistíochta freagrach as an gCoimisiún um Rialáil Iarnróid a bhainistiú, a rialú agus a stiúradh go rialta ó lá go lá. Ní mór don Choimisinéir agus an fhoireann ardbhainistíochta an treo straitéiseach leathan atá leagtha síos ag an gCoimisiún agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag an ardbhainistíocht go léir faoi na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon riosca suntasach is dócha a thiocfaidh chun cinn.

Comhlacht rialaitheach is ea an Coimisiún mar a shainítear i dtuarascáil na bliana 2007 ó Roinn an Taoisigh "Comhlachtaí in Éirinn a bhfuil Cumhachtaí Rialaitheacha acu".

Níl struchtúr boird ag an gCoimisiún ach tá sé bunaithe i bhfoirm Coimisiún ar féidir suas le triúr Coimisinéirí a bheith aige. Ó bunaíodh é ní raibh riamh ach aon Choimisinéir amháin ar bun ag am ar bith.

### Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Choimisiúin um Rialáil Iarnróid

Le hAlt 28 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 éilítear ar an gCoimisiún ráitis airgeadais i gcibé foirm a fhaomhfaidh an tAire Iompair le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aige, ní mór don Choimisiún:

- Polasaithe cuí cuntasaíochta a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go seasta;

- Cinntí agus meastacháin réasúnta agus críonna a dhéanamh;

- A rá cé acu ar leanadh na caighdeáin infheidhme cuntasaíochta, faoi réir ag aon athrú a nochtaítear agus a mhínítear sna ráitis airgeadais;

- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an Coimisiún i mbun gnó.

Tá an Coimisiún freagrach as taifid chuntasaíochta imleor a choimeád a nochtann staid airgeadais an Choimisiúin go sách cruinn ag am ar bith agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt 28 den Acht. Tá an Coimisiún freagrach freisin as sócmhainní an Choimisiúin a choimeád slán agus bearta réasúnta a dhéanamh chun caimiléireacht agus mírialtachtaí eile a aithint agus a chosc.

## Nochtaí a Éilítear leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an Coimisiún freagrach as a chinntiú gur chloígh an Coimisiún um Rialáil Iarnróid le riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód") mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Éilítear na nochta seo a leanas ag an gcód:

***Briseadh síos de shochair ghearrthéarma na bhfostaithe***

Féach nóta 7 do shochair ghearrthéarma na bhfostaithe de bhreis ar €60,000

### *Costais Comhairleoireachta*

Áirítear le costais comhairleoireachta an costas ar chomhairle sheachtrach don bhainistíocht agus eisiatar feidhmeanna seachfhoinsithe "gnó mar is gnách";

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Comhairle dlí | 8,387 | 6,777 |
| Comhairle airgeadais / achtúire | 4,359 | 7,390 |
| Caidreamh poiblí | 16,560 | 17,674 |
| Comhairleoirí teicniúla | 137,421 | 279,678 |
| **Costais iomlána comhairleoireachta** | **166,727** | **311,519** |

### *Costais Dlí agus Socruithe*

Níor tabhaíodh aon chostas sa tréimhse i dtaca le costais dlí, socruithe agus imeachtaí eadránaithe ag baint le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear leis seo caiteachas a tabhaíodh i dtaca le comhairle ghinearálta dlí a fuair an Coimisiún um Rialáil Iarnróid a nochtaítear sna costais Comhairleoireachta thuas.

### *Caiteachas ar Thaisteal agus Cothabháil*

Déantar caiteachas ar thaisteal agus cothabháil a rangú mar seo a leanas:

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| Intíre – Fostaithe | 13,453 | 4,330 |
| Idirnáisiúnta – Fostaithe | Náid | 8,392 |
| **Iomlán** | **13,453** | **12,722** |

Áirítear leis an figiúirí seo taisteal agus cothabháil a íocadh go díreach le fostaithe €12,129 (2020 - €8,445). Baineann an t-iarmhéid le caiteachas a d'íoc CRR thar ceann fostaithe.

**An Coimisiún um Rialáil Iarnróid**

## *Caiteachas Fáilteachais*

Áirítear leis an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

| | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Fáilteachas foirne | 720 | - |
| Fáilteachas cliant | - | - |
| **Iomlán** | **720** | - |

## Ráiteas Comhlíonta

Chomhlíon an Coimisiún um Rialáil Iarnróid le riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016, leis na heisceachtaí seo a leanas:

Coiste Iniúchta agus Riosca: Níl Coiste Iniúchta agus Riosca de réir mar a éilítear leis an gCód ag an gCoimisiún um Rialáil Iarnróid agus tá an fhíric seo aontaithe leis an Roinn Iompair tríd an gComhaontú Maoirseachta atá ar bun.

**Brian Higgisson**
**Coimisinéir an Choimisiúin um Rialáil Iarnróid**
**Dáta** 8 Nollaig 2022

**An Coimisiún um Rialáil Iarnróid**

**Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach**

Thar ceann an Choimisiúin um Rialáil Iarnróid admhaím mo fhreagracht as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach um rialú inmheánach a choimeád agus a oibriú. Cuireann an fhreagracht seo riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) san áireamh.

**Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach**

Tá an córas um rialú inmheánach deartha le riosca a bhainistiú do leibhéal inghlactha seachas é a scrios. Is cinnteacht réasúnta amháin, seachas cinnteacht iomlán, a chuireann an córas ar fáil, go bhfuil sócmhainní á gcaomhnú, bearta airgeadais á dtaifeadadh i gceart, agus go seachnaítear earráidí nó mírialtacht ábharach nó go dtabharfaí faoi deara go tráthúil iad.

Tá an córas um rialú inmheánach, atá ag teacht leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar bun sa Choimisiún um Rialáil Iarnróid don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021 agus suas le dáta na ráiteas airgeadais seachas na saincheisteanna i dtaca le rialú inmheánach a ardaíodh inár n-iniúchadh inmheánach de 2021.

**Acmhainneacht le Riosca a Láimhseáil**

Ní raibh Coiste Iniúchta agus Riosca (ARC) ar bun ag an gCoimisiún um Rialáil Iarnróid in 2021. Tá aontaithe ag an Roinn Iompair go ndeonfaí maolú ar an oibleagáid seo ar an gCoimisiún um Rialáil Iarnróid agus tá feidhm leis seo in 2021.

Rinne an Coimisiún um Rialáil Iarnróid a fheidhm iniúchta inmheánaigh a sheachfhoinsiú in 2021 i gcomhaontú leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

The beartas bainistíochta riosca forbartha ag an gCoimisiún um Rialáil Iarnróid lena leagtar amach a inghlacthacht riosca, an próiseas bainistíochta riosca atá ar bun agus cur síos ar róil agus freagrachtaí na foirne i dtaca le riosca. Tá an beartas eisithe do na baill ar fad a bhfuiltear ag súil leis go mbeidh siad ag obair le beartais bainistíochta riosca CRR, chun an bhainistíocht a chur ar an eolas faoi rioscaí atá ag teacht chun cinn agus chun laigí a rialú agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún um Rialáil Iarnróid a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú. In 2021 rinneadh athbhreithniú foriomlán ar an mbainistíocht agus nósanna imeachta i dtaca le rioscaí.

Tá clár rioscaí ar bun lena shainítear na príomhrioscaí atá roimh an gCoimisiún um Rialáil Iarnróid agus rinneadh iad seo a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a suntais. Faoi láthair déanann an fhoireann bainistíochta an clár a athbhreithniú agus an nuashonrú ar bhonn ráithe. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe chun acmhainní a phleanáil agus a dháileadh lena chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

**An Coimisiún um Rialáil Iarnróid**

Sa chlár rioscaí tugtar cur síos ar na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus freagracht as rialuithe a shanntar le baill foirne ar leith a oibriú. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe ar bun ina bhfuil na gnéithe seo a leanas:

- Tá nósanna imeachta doiciméadaithe do na príomhphróisis ghnó go léir
- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal na bainistíochta le cuntasacht dá réir
- Tá córas buiséadta cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an ardbhainistíocht
- Tá córais a fhéachann le slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú
- Tá córais ar bun chun na sócmhainní a chosaint.

**Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach**

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaithe a dhéanamh agus don bhainistíocht, ar bhealach tráthúil. Dearbhaím go bhfuil na córais monatóireachta leanúnacha seo a leanas ar bun;

- Tá príomhrioscaí agus rialuithe a bhaineann leo sainaitheanta agus tá próisis curtha ar bun le monatóireacht a dhéanamh a oibriú na bpríomhrialuithe seo agus aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú,
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ar na leibhéil go léir lena bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta, agus
- Bíonn athbhreithnithe rialta ag an ardbhainistíocht ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus tuarascáil airgeadais a léiríonn an fheidhmíocht i gcoinne buiséad / réamhfhaisnéisí

**Soláthar**

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ar bun ag an gCoimisiún um Rialáil Iarnróid lena chinntiú go gcloítear le rialacha agus treoirlínte reatha i dtaca le soláthar. I mí Iúil 2021 chuaigh CRR chun tairisceana chun soláthar seirbhísí TF a fháil, agus tá an próiseas sin curtha i gcrích go rathúil anois. Ba é luach an chonartha suas go dtí Iúil 2021 ná €11,000. (Nóta: In 2020 ní raibh an soláthar seo comhlíontach). In 2021, thug CRR ar aghaidh an conradh reatha chun seirbhísí glantacháin oifige a sholáthar. Ba é luach an chonartha seo in 2021 ná €10,500. In 2022 chuaigh an CRR chun tairisceana le haghaidh soláthar Seirbhísí Glantacháin Oifige agus tá an próiseas sin tugtha chun críche go rathúil. In 2021, thug CRR ar aghaodh an conradh reatha chun seirbhísí Cuntasaíochta a sholáthar. Ba é luach an chonartha seo in 2021 ná €7,000. In 2022 chuaigh an CRR chun tairisceana chun Seirbhísí Cuntasaíochta a sholáthar agus críochnófar an próiseas sin faoi dheireadh 2022.

**Tionchar na Paindéime Covid 19**

Sa bhliain 2021 rinne CRR measúnú go leanúnach ar na hathruithe ar ár dtimpeallacht oibriúcháin mar thoradh ar an bpaindéim Covid 19, agus rinne na rioscaí a bhain leis a bhainistiú trí na struchtúir rioscaí a bhí ann cheana, agus ar an gcaoi sin chinntigh gur choinnigh CRR timpeallacht rialuithe éifeachtach ar bun.

D'fhan na rialuithe tábhachtacha go substaintiúil mar a bhí roimh an bpaindéim le leibhéil ardaithe de chumarsáid, comhar agus maoirseacht le dul in oiriúint do dhúshlán na cianoibre.

Ag tús na paindéime, rinneadh athbhreithniú ar phróisis idirbhirt airgeadais agus rioscaí gaolmhara a d'fhéadfadh tionchair mhóra a bheith acu.

**An Coimisiún um Rialáil Iarnróid**

Rinneadh measúnú leanúnach ar na himpleachtaí a bheadh ag srianta gnó COVID-19 ar chaidreamh CRR lena phríomhscarshealbhóirí agus cuireadh próisis nua i bhfeidhm chun leanúnachas seirbhíse a chinntiú.

Bhí caidreamh leanúnach leis an bhfoireann i rith na bliana toisc go mbeidh tús áite i gcónaí do shábháilteacht na foirena a chinntiú agus iad ag obair ó chian agus ar fhilleadh ar an oifig dóibh.

Leanfaidh an Coimisinéir agus foireann bainistíochta CRR den phaindéim agus aon rioscaí gaolmhara a choinneáil faoi athbhreithniú leanúnach.

## Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ar bun ag an gCoimisiún um Rialáil Iarnróid chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna do bhainistíocht agus rialú rioscaí. Tá monatóireacht agus rialú an Choimisiúin um Rialáil Iarnróid ar éifeachtúlacht an chórais don rialú inmheánach airgeadais á threorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na hardbhainistíochta leis an gCoimisiún um Rialáil Iarnróid freagrach as forbairt agus cothabháil ar an gcreat rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Dearbhaím gur chuir an Coimisiún um Rialáil Iarnróid athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha do 2021 i gcrích i Márta 2022.

Dearbhaím go bhfuil Comhaontú Maoirseachta agus Comhaontú Seachadta Feidhmíochta ar bun ag an gCoimisiún um Rialáil Iarnróid leis an Aire Iompair.

## Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Ní raibh aon saincheisteanna i dtaca le rialú inmheánach a sainaithníodh i dtaca le 2021 a éilíonn nochtadh sna ráitis airgeadais.

**Brian Higgisson**
**An Coimisiún um Rialáil Iarnróid Coimisinéir**
**Dáta** 8 Nollaig 2022

**An Coimisiún um Rialáil Iarnróid**

**Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe**

**Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021**

| | Nótaí | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontas Stáit | 2 | 638,807 | 393,546 |
| Ioncam Tabhaigh | 3 | 1,619,744 | 1,714,629 |
| Ioncam Eile | 4 | 2,782 | 14,816 |
| Maoiniú Sochair Scoir Iarchurtha | 14(c) | 205,000 | 396,000 |
| | | 2,466,333 | 2,518,991 |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais Riaracháin | 5 | (2,185,029) | (2,098,480) |
| Comhairleoirí Teicniúla | 8 | (137,421) | (279,678) |
| **Farasbarr/(Easnamh) don bhliain roimh leithreasaí** | | 143,833 | 140,833 |
| Aistriú (chuig)/ó Chuntas Caipitil | 12 | 38,351 | 19,289 |
| **Farasbarr/(Easnamh) don bhliain i ndiaidh leithreasaí** | | 182,234 | 160,122 |
| Iarmhéid tógtha ar aghaidh an 1 Eanáir | | 1,274,741 | 1,114,619 |
| Iarmhéid tugtha ar aghaidh an 31 Nollaig | | 1,456,975 | 1,274,741 |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 22.

**Brian Higgisson**
**An Coimisiún um Rialáil Iarnróid Coimisinéir**
**Dáta** 8 Nollaig 2022

**An Coimisiún um Rialáil Iarnróid**

**Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach**

**Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021**

| | Nótaí | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|---|
| **Farasbarr don bhliain** | | **182,234** | **160,122** |
| (Caillteanas)/fáltais eispéiris ar oibleagáidí sochair scoir | | 103,000 | (108,000) |
| Athrú i dtoimhdí atá mar bhonn le luach reatha na n-oibleagáidí sochair scoir | | 30,000 | (697,000) |
| Gnóthachan/(caillteanas) iomlán achtúire sa bhliain | **14(d)** | 133,000 | ( 805,000) |
| Leasú ar maoiniú sochair scoir iarchurtha | | (133,000) | 805,000 |
| **Ioncam Cuimsitheach Iomlán don bhliain** | | **182,234** | **160,122** |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 22.

**Brian Higgisson**
**An Coimisiún um Rialáil Iarnróid Coimisinéir**
**Dáta** 8 Nollaig 2022

**An Coimisiún um Rialáil Iarnróid**

**Ráiteas ar Staid Airgeadais mar a bhí an 31 Nollaig 2021**

| | **Nótaí** | **2021**<br>**€** | **2020**<br>**€** |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Réadmhaoin, fearas agus trealamh | **9** | 159,353 | 197,704 |
| | | 159,353 | 197,704 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid | | 1,605,149 | 1,446,110 |
| Nithe infhaighte | **10** | 89,997 | 106,092 |
| | | 1,695,146 | 1,552,202 |
| **Nithe iníoctha: (suimeanna dlite laistigh de bhliain)** | **11** | (185,892) | (219,820) |
| **Glanshócmhainní reatha** | | 1,509,254 | 1,332,382 |
| **Creidiúnaithe (suimeanna dlite i ndiaidh bliana amháin)** | | | |
| Oibleagáid Léasa Iarchurtha | **19** | (52,279) | (57,641) |
| Iomlán Sócmhainní Lúide Dliteanais | | 1,616,328 | 1,472,445 |
| Oibleagáidí sochair scoir | **14** | (8,450,000) | (8,378,000) |
| Sócmhainn mhaoiniú sochair scoir iarchurtha | **14** | 8,450,000 | 8,378,000 |
| **Iomlán sócmhainní** | | 1,616,328 | 1,472,445 |
| **Ag léiriú** | | | |
| Cuntas Caipitil | **12** | 159,353 | 197,704 |
| Cúlchistí ioncaim coinnithe | **20** | 1,456,975 | 1,274,741 |
| | | 1,616,328 | 1,472,445 |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 22

Brian Higgisson

**Brian Higgisson**
**An Coimisiún um Rialáil Iarnróid Coimisinéir**
**Dáta** 8 Nollaig 2022

**An Coimisiún um Rialáil Iarnróid**

**Ráiteas ar Shreabhadh Airgid**

**don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021**

| | Nótaí | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Farasbarr/(Easnamh) don bhliain | | 182,234 | 160,122 |
| Coigeartuithe do: | | | |
| Dímheas | | 40,394 | 41.113 |
| Sócmhainn léasa iarchurtha scaoi | | (5,362) | (5,362) |
| Aistriú go/(ó) cuntas caipitil | | (38,351) | (19,289) |
| Gluaiseachtaí i gcaipitil oibre: | | | |
| Gluaiseacht i nithe infhaighte | | 16,095 | (96,879) |
| Gluaiseacht i nithe iníoctha | | (33,928) | 94,643 |
| Airgead tirim ginte ó oibríochtaí | | 161,082 | 174,348 |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Ús faighte | | - | - |
| Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inbhraite a shealbhú | | (2,043) | (21,824) |
| Airgead glan ginte ó ghníomhaíochtaí infheistíochta | | (2,043) | (21,824) |
| **Glanmhéadú in airgead tirim agus coibhéisí airgid** | | 159,039 | 152,524 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag 1 Eanáir 2021** | | 1,446,110 | 1,293,586 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag 31 Nollaig 2021** | | 1,605,149 | 1,446,110 |

**An Coimisiún um Rialáil Iarnróid**

**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais**

**don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021**

## 1. Beartais Cuntasaíochta

Leagtar amach thíos an bunús leis an gcuntasaíocht agus na beartais cuntasaíochta shuntasacha a ghlac an Coimisiún um Rialáil Iarnróid. Cuireadh iad ar fad i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus don bhliain roimhe.

### a) Eolas Ginearálta

Bunaíodh an Coimisiún um Rialáil Iarnróid faoin Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 le ceannoifig ag Teach a Teampaill, An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath.

Bunaíodh an Coimisiún um Rialáil Iarnróid faoin Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 agus b'é 1 Eanáir 2006 an dá tosaithe. Comhlacht corparáideach is ea an Coimisiún le comharbas suthain agus tá séala aige agus an chumhacht le hagra a dhéanamh agus agra a bheith déanta ina choinne ina ainm corparáideach agus talamh nó leas i dtalamh a shealbhú, a choinneáil agus a dhíol, agus aon mhaoin eile a shealbhú, a choinneáil agus a dhíol. Is éard atá san eintiteas aon Choimisinéir amháin. Is comhlacht reachtúil é atá maoinithe ag deontas ón Roinn Iompair agus tobhach ón tionscal.

Is iad seo a leanas príomhchuspóirí an Choimisiúin um Rialáil Iarnróid mar a leagtar amach i gCuid 2 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005:

- sábháilteacht iarnróid a chothú agus a spreagadh
- an tAcht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 agus aon reachtaíocht eile a fhorfheidhmiú
- teagmhais iarnróid a fhiosrú agus tuairisciú orthu

Tá freagracht ar an gCoimisiún as rialú a dhéanamh ar shábháilteacht na gcóras iarnróid a iompraíonn paisinéirí a íocann táille agus lasta tráchtála, agus ar iarnróid eile nuair a bhíonn comhéadan acu le bóithre poiblí.

Is Aonán Sochair Phoiblí (PBE) é an Coimisiún um Rialáil Iarnróid.

Is iad seo a leanas na beartais cuntasaíochta shuntasacha a glacadh sna ráitis airgeadais seo;

### b) Ráiteas Comhlíonta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Choimisiúin um Rialáil Iarnróid don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021 i gcomhréir le FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais infheidhme in RA agus Poblacht na hÉireann eisithe ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC).

**An Coimisiún um Rialáil Iarnróid**

**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais**

**don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021**

**c) Bunús Ullmhúcháin**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi mhodh fabhruithe na cuntasaíochta agus faoin gcoinbhinsiúin chostas stairiúil san fhoirm a cheadaigh an tAire Iompair le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i gcomhréir le hAlt 28 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005.

Cuireadh na polasaithe cuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach ag déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha i dtaca le ráitis airgeadais an Choimisiúin um Rialáil Iarnróid.

**d) Ioncam**

Deontais Oireachtais

Aithnítear ioncam i gcoitinne ar bhonn fabhruithe; eisceacht amháin is ea cás na nDeontas Oireachtais a aithnítear mar fháltais airgid.

Deontais Caipitil

Déantar maoiniú deontais a úsáidtear le réadmhaoin, fearas agus trealamh a cheannach a aistriú chuig Cuntas Caipitil agus a scaoileadh ar ais i gcomhréir leis an dímheas ar na sócmhainní a bhaineann. Is ionann a t-iarmhéid sa Chuntas Caipitil agus luach gan amúchadh an deontais a fuarthas do chúiseanna caiteachais chaipitil.

Ioncam tabhaigh

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a bhronntar air le hAlt 26 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 (Uimh.31 de 2005), mar a leasaíodh le Rialachán na gComhphobal Eorpach (Sábháilteacht Iarnróid) 2008 (I.R. Uimh. 61 de 2008) agus le toiliú an Aire Iompair agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, gearrann an Coimisiún um Rialáil Iarnróid tobhach ar ghnóthais iarnróid ábhartha mar a shonraítear san Acht. Tá an tobhach le húsáid le gníomhaíochtaí an Choimisiúin a mhaoiniú, ach ní an tAonad Imscrúdaithe Timpistí Iarnróid. Féadfaidh an Coimisiún freisin, in éagmais treorach ón Aire chun aon fharasbarr d'ioncam tobhaigh thar caiteachas a íoc leis an Státchiste

(a) farasbarr d'ioncam tobhaigh thar caiteachas a fhritháireamh i gcoinne oibleagáidí tobhaigh don bhliain dar gcionn nó
(b) aisíocaíochtaí a dhéanamh leis na gnóthais iarnróid ábhartha.

Déantar an tsuim atá sonraithe san ordú tobhaigh do bhliain áirithe ar bith lúide aon fhritháireamh nó aisíocaíocht a thabhairt chun cuntais mar ioncam don bhliain sin.

**An Coimisiún um Rialáil Iarnróid**

**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais**

**don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021**

**Réadmhaoin, Fearas agus Trealamh**

Déantar réadmhaoin, fearas agus trealamh a lua ag costas lúide dímheas carnach, coigeartaithe d'aon soláthar do mhallachar. Soláthraítear dímheas ar gach réadmhaoin, fearas agus trealamh, seachas talamh ruilse agus saothair ealaíne, ag rátaí a mheastar leis a gcostas a dhíscríobh lúide an luach iarmharach measta ar gach sócmhainn ar bhonn na líne dírí thar a saolta úsáideacha measta, mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| (i) Breisithe Léasachta | 10% per annum |
| (ii) Trealamh Oifige | 20% per annum |
| (iii) Trealamh Ríomhaireachta | 20% per annum |
| (iv) Daingneáin agus Feistis | 20% per annum |

Is ionann luach iarmharach agus an tsuim mheasta a gheofaí faoi láthair as sócmhainn a dhiúscairt, i ndiaidh costais na diúscartha a asbhaint, dá mba rud é go raibh an tsócmhainn cheana féin san aois agus sa riocht a mbeifí ag súil leo ag deireadh a shaoil úsáidigh.

Gearrtar dímheas go hiomlán i mbliain an tsealbhaithe agus ní ghearrtar dímheas i mbliain na diúscartha.

Má tá fianaise oibiachtúil ann ar mhallachar ar luach sócmhainne, aithnítear caillteanas mallachair sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe sa bhliain.

**Airgeadra Iasachta**

Aistrítear idirbhearta in airgeadraí iasachta chuig euro i rith na bliana ag an ráta malartaithe atá i bhfeidhm ar lá an idirbhirt agus áirítear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais don tréimhse iad. Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadais a thaispeántar in airgeadraí iasachta a aistriú chuig euro ag rátaí malartaithe atá i bhfeidhm ar dháta an chláir comhardaithe agus áirítear gnóthachain agus caillteanais ag éirí astu sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais don tréimhse.

**Nithe Infhaighte**

Aithnítear nithe infhaighte ar luach cóir, lúide soláthar d'fhiacha amhrasacha. Soláthar sonrach is ea an soláthar d'fhiacha amhrasacha, agus bunaítear é nuair a bhíonn fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an Coimisiún um Rialáil Iarnróid ábalta na suimeanna go léir atá dlite dó a bhailiú. Déantar gach gluaiseacht sa soláthar d'fhiacha amhrasta a aithint sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

**An Coimisiún um Rialáil Iarnróid**

**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais**

**don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021**

**Léasa Oibriúcháin**
Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin a aithint sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe thar fad saoil an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn na líne dírí thar thréimhse an léasa, ach amháin nuair a bhíonn arduithe cíosa ceangailte leis an ráta measta boilscithe, agus sa chás sin aithnítear na harduithe nuair a thabhaítear iad. Aon dreasachtaí léasa a fhaightear, aithnítear iad thar fad saoil an léasa.

**Sochair Fostaithe**
Sochair Ghearrthéarma

Aithnítear sochair ghearrthéarma amhail pá saoire mar chostas sa bhliain, agus cuirtear sochair atá fabhraithe ag deireadh na bliana san áireamh san fhigiúr Nithe Iníoctha sa Ráiteas ar Staid Airgeadais.

Sochair Scoir

OIbríonn an Coimisiún um Rialáil Iarnróid scéim pinsin neamh-mhaoinithe le sochar sainithe a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn íoc mar a úsáidtear ó airgead atá ar fáil dó, lena n-áirítear airgead curtha ar fáil ag an Roinn Iompair. Oibrítear an scéim ar bhonn riaracháin go dtí go bhfaighfear faomhadh ón Roinn agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Is ionann costais sochar scoir agus sochair scoir tuillte ag fostaithe sa tréimhse agus taispeántar iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne a aisíoctar leis an Roinn. Déantar dliteanais sochair scoir a thomhas ar bhonn achtúire ag baint úsáide as an modh aonaid creidmheasa tuartha. Aithnítear suim atá ag teacht leis an muirear pinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé inaisghabhála agus fritháirithe le deontais faighte sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a dhéanamh. Léirítear gnóthachain nó caillteanais ag éirí ar dhliteanais scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sna suimeanna inaisghabhála ón Roinn.

Is ionann dliteanais sochair scoir agus luach reatha íocaíochtaí pinsin sa todhchaí tuillte ag an bhfoireann go dtí seo. Is ionann maoiniú sochair scoir iarchurtha agus an tsócmhainn chomhfhreagrach le haisghabháil ón Roinn sa todhchaí.

Oibríonn an Coimisiún um Rialáil Iarnróid an Scéim Pinsin Seirbhísí Poiblí Aonair ("Scéim Singil"), atá ina scéim le sochar sainithe do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh ar 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Singil go dtí an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER).

**Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Cuntasaíochta**
Le hullmhú na ráiteas airgeadais bíonn ar an mbainistíocht breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i gcionn ar na suimeanna a thuairiscítear do shócmhainní agus dliteanais ar dháta an chláir chomhardaithe agus na suimeanna a thuairiscítear d'ioncaim agus speansais i rith na bliana. Ach ciallaíonn nádúr an mheastacháin gur féidir na torthaí iarmhír a bheith éagsúil ó na meastacháin sin. Seo a leanas na breithiúnais a raibh an tionchar is suntasaí acu ar shuimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

**An Coimisiún um Rialáil Iarnróid**

**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais**

**don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021**

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Tá athbreithniú déanta ag an gCoimisinéir ar shaolta sócmhainne agus ar luachanna iarmharacha gaolmhara do na ranganna sócmhainní seasta go léir agus, go háirithe, saol eacnamaíochta úsáideach agus luachanna iarmharacha dhaingneán agus feisteas, agus tá cinneadh déanta aige go bhfuil na saolta sócmhainne agus luachanna iarmharacha oiriúnach.

Oibleagáid Sochair Scoir

Déantar na toimhdí atá mar bhonn leis na luachálacha achtúire do na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais a chinneadh (lena n-áirítear ráta lascaine, rátaí ardaithe i leibhéil cúitimh sa todhchaí, agus rátaí básmhaireachta) a nuashonrú go bliantúil bunaithe ar chúinsí eacnamaíochta reatha, agus d'aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Féadfaidh na nithe seo a leanas dul i gcion ar na toimhdí:

(i) an ráta lascaine, athruithe sa ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta
(ii) leibhéil cúitimh sa todhchaí, coinníollacha sa mhargadh saothair sa todhchaí

| **2. Deontas Stáit** | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Maoiniú curtha ar fáil ag an Roinn Iompair (DoT) | 465,213 | 434,666 |
| Maoiniú DoT i dtaca le pinsin iníoctha | 229,000 | 11,000 |
| Ranníocaíochtaí pinsin fostaithe curtha chuig DoT | (22,935) | (25,669) |
| Ranníocaíochtaí bhaill Scéim Pinsin Aonair Seirbhísí Poiblí curtha chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | (32,471) | (26,451) |
| | 638,807 | 383,546 |

Leithdháileann an Roinn Iompair maoiniú faoi fho-cheann B9.1.
Sa bhliain 2021 níor tharraing CRR anuas €33,787 óna leithdháileadh de €728,000.

| **3. Ioncam Tobhaigh** | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Ioncam de réir ordú tobhaigh[2] | 1,619,744 | 1,714,629 |
| | 1,619,744 | 1,714,629 |

Ioncam aitheanta in SIERRR. Foilsíodh an t-ordú tobhaigh do 2021 (I.R 246/2021) i mBealtaine 2021.
2. Tá na suimeanna a ghearrtar ar an ngnóthas iarnróid ábhartha i mbliain ar bith bunaithe ar chaiteachas buiséadaithe don Choimisiún. B'é €1,619,744 an tsuim a gearradh do 2021. Ba é an méid gan íoc amhail an 31 Nollaig 2021 ná €14,650.

**An Coimisiún um Rialáil Iarnróid**

**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais**

**don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021**

| **4. Ioncam Eile** | **2021** €| **2020** € |
|---|---|---|
| Ioncam Ceadúnais Tiománaithe Traenach[1] | 2,432 | 9,900 |
| Aisíochtaí Ghníomhaireacht Iarnróid na hEorpa | - | 4,216 |
| Ioncam ó tháillí ceadúnais | 350 | 700 |
| | **2,782** | **14,816** |

[1]Is é an CRR an t-údarás inniúil chun críocha IR 399 de 2010, Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Deimhniú Tiománaithe Traenach) 2010. Ceanglaítear ar gach tiománaí traenach faoi reachtaíocht an AE ceadúnas bailí a bheith acu chun traein a oibriú ar an líonra. Rinne an CRR mar an t-údarás inniúil chun na ceadúnais seo a eisiúint athbhreithniú agus fíorú ar na hiarratais agus d'eisigh sé 35 ceadúnas tiomána traenach in 2021 arbh fhiú €3,340 san iomlán iad. Is é an costas ar gach ceadúnas nua ná €100 agus €60 ar cheadúnas athsholáthair. Is ionann na costais ghaolmhara a bhaineann le heisiúint ceadúnas agus €908, rud a fhágann glanioncam de €2,432. Is é an t-iarmhéid atá gan íoc ar 31 Nollaig 2021 ná €Náid.

Fuair an CRR €350 in 2021 freisin maidir leis an gCeadúnas Gnóthais Iarnróid a eisíodh chuig NIR in 2019.

| **5. Costas Riaracháin** | **2021** € | **2020** € |
|---|---|---|
| Costais Foirne (nóta 7) | 1,653,814 | 1,621,037 |
| Speansais oifige (nóta 6) | 288,382 | 268,806 |
| Oiliúint/bainistiú Acmhainní Daonna | 62,563 | 32,586 |
| Taisteal agus cothabháil | 13,453 | 12,722 |
| Táillí gairmiúla | 32,171 | 36,260 |
| Táille cuntasaíochta | 8,314 | 8,779 |
| Táille iniúchta | 12,000 | 10,900 |
| Muirir bainc | 3,069 | 398 |
| Costais cothabhála TF | 33,446 | 36,338 |
| Speansais ghinearálta[2] | 37,423 | 28,828 |
| An Chomhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Iarnróid[3] | - | 713 |
| Dímheas | 40,394 | 41,113 |
| **Iomlán** | **2,185,029** | **2,098,480** |

[2] Áirítear le speansais ghinearálta costais fáilteachais le suim €Niallas (2020 - €Niallas)

[3]Bunaíodh an Chomhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Iarnróid faoi Chuid 8 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005. In Alt 83(1) deirtear go mbeidh sé mar fheidhm i gcoitinne ag an gComhairle machnamh a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann le sábháilteacht iarnróid agus moltaí a dhéanamh, más cuí, don Choimisiún nó don Aire. In Alt 83(5) deirtear go gceapfaidh an tAire daoine le bheith ina mbaill den Chomhairle, lena n-áirítear duine le bheith mar chathaoirleach ar an gComhairle.

**An Coimisiún um Rialáil Iarnróid**

**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais**

**don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021**

## 6. Speansais oifige

| | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|
| Cíos | 157,595 | 157,536 |
| Rátaí agus muirir seirbhíse | 68,271 | 65,240 |
| Cothabháil agus glantachán | 14,211 | 14,537 |
| Postas, clódóireacht agus stáiseanóireacht | 9,840 | 2,952 |
| Teileafón | 25,807 | 21,597 |
| Deisiúcháin agus athnuachaintí | 12,658 | 6,944 |
| Iomlán | 288,382 | 268,806 |

## 7. Costais Foirne

| | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|
| Tuarastail | 1,256,387 | 1,229,962 |
| Liúntais | 30,833 | 36,195 |
| Sochar Scoir (Nóta 14a) | 366,594 | 354,880 |
| Iomlán | 1,653,814 | 1,621,037 |

a) B'é meánlíon na bhfostaithe le linn na bliana 16 (2020: 14).

b) B'é tuarastal an Choimisinéara an tUas. Brian Higgisson €151,816 (2020: €147,971). Ní shíneann teidlíochtaí an Choimisinéara níos faide ná na teidlíochtaí caighdeánacha sa scéim aoisliúntais shamplach le sochair shainithe de chuid na hearnála poiblí.

c) Ba é luach saothair iomlán na bainistíochta sinsearaí don bhliain ná €485,330. (2020: €565,163). Áirítear ar an mbainistíocht shinsearach an Coimisinéir, beirt Phríomhchigirí agus Príomhoifigeach amháin. Titeann 14 ball foirne san iomlán isteach sa mhiondealú tuarastail d'fhostaithe ar íocadh os cionn €60K leo'é pá iomlán na hardbhainistíochta don bhliain €565,163 (2020: €563,901).

d) Rinneadh asbhaintí pinsin de €47,701 ó thuarastail na foirne agus tarchuireadh chuig an Roinn Iompair iad. (2020: €49,279)

e) B'ionann liúntais na bliana agus €30,833 (2020: €36,195).

f) Ní raibh aon ragobair iníoctha don bhliain.

g) Bhí scor amháin sa CRR in 2021.

**An Coimisiún um Rialáil Iarnróid**

**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais**

**don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021**

Briseadh síos de Thuarastail na bhFostaithe:

| **Raon scála pá tuarastail** | | **Líon na bhfostaithe** | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go** | **2021** | **2020** |
| €60,000 | €69,999 | 3 | 6 |
| €70,000 | €79,999 | 5 | 4 |
| €80,000 | €89,999 | 0 | 0 |
| €90,000 | €99,999 | 0 | 0 |
| €100,000 | €109,999 | 3 | 2 |
| €110,000 | €119,999 | 1 | 1 |
| €120,000 | €129,999 | - | - |
| €130,000 | €139,999 | - | - |
| €140,000 | €149,000 | 1 | - |
| €150,000 | €159,000 | - | 1 |

Nochtaítear briseadh síos ar phá iomlán na bhfostaithe os cionn €60,000, in incrimintí de €10,000, de bhun Imlitir 13/2014 ó DPER.

In 2021 b'é pá an Phríomhfheidhmeannaigh €151,816 (€147,871 – 2020).

Tá an Coimisinéir ina bhall den Scéim Aoisliúntais do Choimisinéirí Sábháilteachta Iarnróid.

Is scéim shochair shainithe í seo agus ní théann teidlíocht an Choimisinéara ina leith sin thar théarmaí scéim pinsean na hearnála poiblí eiseamláireach.

## 8. Comhairleoirí Teicniúla

Bhí gá le caiteachas ar chomhairleoireacht theicniúil chun tacú leis an gCoimisiún seachadadh a dhéanamh ar oibleagáidí an Stáit faoi Threoir 2004/49/CE, Rialacháin AE 1158/ 2010 agus AE 1169/2010. D'áirigh na tascanna Measúnú Comhlíonta, Údarú le Cur i mbun Seirbhíse agus Maoirsiú ar chomhlíontacht Sealbhóra Dualgais le Córais Bainistíochta Rialacháin.

| | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|
| Comhairleoirí Teicniúla | 137,421 | 279,678 |

## 9. Maoin, fearas agus trealamh

| | Troscán & Feistis<br>€ | Trealamh Oifige<br>€ | Trealamh Ríomhaireachta<br>€ | Léasacht<br>€ | Iomlán<br>€ |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | |
| 1 Eanáir 2021 | 18,349 | 11,096 | 45,871 | 268,675 | 343,991 |
| Breisithe i rith na bliana | - | - | 2,043 | - | 2,043 |
| Ag 31 Nollaig 2021 | 18,349 | 11,096 | 47,914 | 268,675 | 346,034 |
| **Dímheas Carnach** | | | | | |
| Ag 1 Eanáir 2021 | 11,186 | 4,910 | 22,723 | 107,468 | 146,287 |
| Muirear don bhliain | 2,851 | 2,219 | 8,456 | 26,868 | 40,394 |
| Ag 31 Nollaig 2021 | **14,037** | **7,129** | **31,179** | **134,336** | **186,681** |
| **Glanluach Leabhair** | | | | | |
| Ag 31 Nollaig 2021 | **4,312** | **3,967** | **16,735** | **134,339** | **159,353** |
| Ag 31 Nollaig 2020 | **7,163** | **6,186** | **23,148** | **161,207** | **197,704** |

| **10. Nithe Infhaighte** | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Réamhíocaíochtaí | 75,347 | 75,588 |
| Ioncam Fabhraithe | 14,650 | 30,504 |
| | **89,997** | **106,092** |

| **11. Nithe Iníoctha** | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Speansais Fabhraithe | 129,227 | 163,663 |
| Cáin iarchoimeádta seirbhísí gairmiúla | 5,623 | 4,337 |
| ÍMAT/ÁSPC | 40,292 | 33,559 |
| CBL | 10,750 | 18,261 |
| | **185,892** | **219,820** |

| **12. Cuntas Caipitil** | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | 197,704 | 216,993 |
| ***Aistriú (chuig)/ó Cuntas Ioncaim agus Caiteachais*** | | |
| Suimeanna curtha le sócmhainní seasta a cheannach | 2,043 | 21,824 |
| Amúchadh i gcomhréir le dímheas | (40,394) | (41,113) |
| | (38,351) | (19,289) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | **159,353** | **197,704** |

**13. Ceangaltais léasa**

Tá tionóntacht nua 15 bliana anois ag an gcoimisiún ón 1 Deireadh Fómhair 2016 i dtaca leis an gcóiríocht oifige ag Teach an Teampaill. Is costas bliantúil an léasa €128,600 glan ar CBL. Ag 31 Nollaig 2021 b'iad seo a leanas na híocaíochtaí íosta léasa sa todhchaí faoin léas;

**Iníoctha laistigh de**

| | |
|---|---|
| Aon bhliain amháin | €158,178 |
| Iníoctha laistigh d'idir 2 - 5 bliana | €632,712 |
| Os cionn 5 bliana | €790,890 |

**14. Sochair Scoir**

| **(a) Anailís ar chostais pinsin iomlána gearrtha le Caiteachas** | **2021** **€** | **2020** **€** |
|---|---|---|
| Costais seirbhíse reatha | 359,000 | 326,000 |
| Ús ar dhliteanais na scéime pinsin | 63,000 | 81,000 |
| Ranníocaíocht pinsin fostaithe | (55,406) | (52,120) |
| | 366,594 | 354,880 |

**(b) Anailís ar an ngluaiseacht sa dhliteanas i rith na bliana**

| | **2021** **€** | **2020** **€** |
|---|---|---|
| Oibleagáid sochair shainithe tosaigh 1 Eanáir | 8,378,000 | 7,177,000 |
| Costais seirbhíse reatha | 359,000 | 326,000 |
| Costais úis | 63,000 | 81,000 |
| Caillteanas/(gnóthachan) achtúire | (133,000) | 805,000 |
| Sochair a íocadh | (217,000) | (11,000) |
| Oibleagáid sochair shainithe deiridh 31st Nollaig | 8,450,000 | 8,378,000 |

**(c) Maoiniú iarchurtha do Phinsin**

Is éard atá in ioncam an Choimisiúin ioncam tobhaigh agus maoiniú substaintiúil ón stát. Tá sócmhainn aitheanta ag an gCoimisiún i dtaca le Maoiniú Iarchurtha Pinsin ar bhonn tacar toimhdí agus roinnt eachtraí san am atá thart lena n-áirítear an bonn reachtúil le bunú na scéime aoisliúntais agus an próiseas maoinithe bliantúil ag an Roinn Iompair.

B'é seo a leanas an Glanmhaoiniú Iarchuir do Phinsin a aithnítear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais;

| | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|
| Maoiniú inaisghabhála i dtaca le costais pinsin na bliana reatha | **422,000** | 407,000 |
| Lúide an deontas stáit le pinsin a íoc | (217,000) | (11,000) |
| | ======= | ======= |
| Maoiniú iarchurtha deiridh do Phinsin 31 Nollaig | 205,000 | 396,000 |
| | ======= | ======= |

B'ionann an tsócmhainn maoinithe iarchurtha do phinsin ag 31 Nollaig 2021 agus €8,450,000 (2020: €8,378,000). Aithníonn an Coimisiún um Rialáil Iarnróid an tsuim seo mar shócmhainn atá comhfhreagrach leis an dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe do phinsin ar bhonn an tacair toimhdí a dtugtar síos orthu thuas agus roinnt d'eachtraí san am atá thart. Áirítear leis na heachtraí seo an bonn reachtúil le bunú na Scéime, agus an beartas agus an cleachtas atá ar bun faoi láthair i dtaca le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú lena n-áirítear ranníocaíochtaí ag fostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Níl aon fhianaise ag an gCoimisiún um Rialáil Iarnróid nach leanfaidh an beartas maoinithe seo de shuimeanna dá leithéid a shásamh i gcomhar leis an gcleachtas reatha.

| **(d) Stair oibleagáidí sochair shainithe** | **2021**<br>**€** | **2020**<br>**€** |
|---|---|---|
| Oibleagáid sochair shainithe | 8,450,000 | 8,378,000 |
| | ======= | ======= |
| Caillteanais/ (gnóthachain) eispéiris ar dhliteanais scéime: | | |
| Suim | (133,000) | 805,000 |
| | ======= | ======= |

**(e) Cur Síos Ginearálta ar an Scéim**

Oibríonn an Coimisiún um Rialáil Iarnróid scéimeanna aoisliúntais neamh-mhaoinithe le sochar sainithe don fhoireann. Íoctar teidlíochtaí aoisliúntais ag éirí faoi na scéimeanna as ioncam reatha agus gearrtar ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais iad, glan ar ranníocaíochtaí aoisliúntais fostaithe, sa bhliain ina n-éiríonn siad iníoctha.

Tá na torthaí a leagtar amach anseo thíos bunaithe ar luacháil achtúire ar na dliteanais pinsin i dtaca le baill foirne ag freastal agus baill foirne ar scor de chuid an Choimisiúin mar a bhí an 31 Nollaig 2021. Rinne achtúire neamhspleách cáilithe an luacháil seo chun críche an chaighdeáin cuntasaíochta FRS 102. Tá na fostaithe nua go léir a thosaigh fostaíocht ón 1 Eanáir 2013 i leith ina mbaill den Scéim Pinsin Shingil agus cuirtear san áireamh iad sa Luacháil Achtúire thuas.

**An Coimisiún um Rialáil Iarnróid**

**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais**

**don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021**

B'iad seo na príomhthoimhdí airgeadais a úsáideadh:

| | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| Ráta lascaine | 1.30% | 0.75% |
| Ráta ardaithe i dtuarastail | 3.00% | 2.45% |
| Arduithe pinsin do shochair i bpinsin | 2.50% | 1.95% |
| Ráta ardaithe i bpinsin | 2.00% | 1.45% |
| Boilsciú | 2.00% | 1.45% |

**Sa tábla thíos taispeántar an t-ionchas do bhaill a bhaineann aois 65 amach in 2021 agus 2041.**

| | **2021** | **2041** |
|---|---|---|
| Fireann 65 bliana d'aois | 21.4 bl | 23.0 bl |
| Baineann 65 bliana d'aois | 24.0 bl | 25.5 bl |

**15. Ceanglais Caipitil**

Níl aon cheanglais caipitil do chaiteachas caipitil ag 31 Nollaig 2021.

**16. Dliteanais Theagmhasacha**

Ní raibh aon dliteanais theagmhasacha ag 31 Nollaig 2021.

**17. Leasa an Choimisinéara**

Ghlac an Coimisiún le nósanna imeachta i gcomhréir le treoirlínte a d'eisigh an Roinn Airgeadais i dtaca le nochtadh leasa ag a bhaill agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin sa tréimhse. Ní raibh aon idirbheart sa bhliain i dtaca ;e gníomhaíochtaí an Choimisiúin a raibh aon leas tairbhiúil ag an gCoimisinéir iontu.

**An Coimisiún um Rialáil Iarnróid**

**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais**

**don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021**

**18. Iasachtaí**

Le hAlt 27 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 ceadaítear don Choimisiún airgead a thógáil ar iasacht chun a fheidhmeanna a chur i gcríoch. Sa bhliain 2021 níor thabhaigh an Coimisiún aon iasachtaí.

**19. Creidiúnaithe iarchurtha**

Tá creidiúnaí iarchurtha de €52,279 ann an 31 Nollaig 2021. (2020 - €57,641). Fuarthas buntáiste de thréimhse sé mhí saor ó chíos ón tiarna talún de shuim €79,089 agus tá sé seo a shíneadh thar saol an léasa 15 bliana.

**20. Cúlchistí ioncaim coinnithe**

B'iad na cúlchistí ioncaim coinnithe ag 31 Nollaig 2021 €1,459,562. (2020 - € 1,274,741)

| | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| Comhardú tosaigh 1 Eanáir | 1,274,741 | 1,114,619 |
| Gluaiseacht sa bhliain | 182,606 | 160,122 |
| Cohardú deiridh 31 Nollaig | 1,457,347 | 1,274,741 |

**21. Eachtraí i ndiaidh an dáta tuairiscithe**

Níl aon eachtraí idir an dáta tuairiscithe agus dáta ar a faomhadh na ráitis airgeadais seo le heisiúint a éilíonn coigeartú ar na ráitis airgeadais.

**22. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais**

D'fhaomh an Coimisinéir na Ráitis Airgeadais an 8 Nollaig 2022.

